Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2025/2156(DEC)

27.1.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024
(2025/2156(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Giuseppe Lupo

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag cur sonrú sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (an 'Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2024, i dtuarascáil bhliantúil 2024 ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus san anailís agus sa mheasúnú a rinne Bord Riaracháin na Gníomhaireachta ar an tuarascáil sin;

2. á chur in iúl gur díol sásaimh di na gníomhaíochtaí a rinne an Chúirt agus an ráiteas ón gCúirt go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe agus an úsáid athdhearbhaithe a bhaintear as tabhairt anonn; á chur in iúl gur geal léi mínithe na Gníomhaireachta agus a gealltanas i leith aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Ghníomhaireacht ranníocaíocht EUR 30.58 mhilliún faoi bhuiséad ginearálta an Aontais in 2024, arbh ionann í agus méadú 1.61 % i leith 2023; gurb é EUR 30.79 milliún ranníocaíocht deiridh ón mbuiséid ghinearálta a fuair an Ghníomhaireacht, tar éis an buiséad leasaitheach a fhormheas, arb ionann é agus méadú deiridh 2.31 % i leith 2023; á chur i bhfios go bhfuil buiséad bliantúil agus líon foirne na Gníomhaireachta araon ar na cinn is ísle i measc ghníomhaireachtaí an Aontais; á chur i bhfáth, idir an dá linn, gur mhéadaigh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, go háirithe a hiarrachtaí chun dul i ngleic le hiascaireacht NNN agus a tionchar ar inbhuanaitheacht na stoc éisc, ar an ngeilleagar, ar cheannasacht agus ar shlándáil an Aontais agus a réigiún is forimeallaí;

4. á chur i bhfáth go bhfuair an Ghníomhaireacht 'ioncam eile' ar luach EUR 1.23 milliún, dá bhrí sin, gurb ionann ioncam iomlán na Gníomhaireachta agus EUR 32.02 milliún;

5. á aithint, sa bhliain airgeadais 2024, go raibh an Ghníomhaireacht ábalta 99.5 % dá clár oibre bliantúil a chur chun feidhme i gcomparáid le 98 % in 2023; ag tabhairt dá haire go raibh an Ghníomhaireacht ábalta a hoibríochtaí a dhéanamh agus a buiséad a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe; ag tréaslú leis an nGníomhaireacht as an mbuiséad a chur chun feidhme 100 % ó thaobh gealltanas de agus 76.6 % ó thaobh íocaíochtaí de, arb ionann é agus méadú 4 % i gcomparáid le 2023; ag tabhairt dá haire, agus an t-ioncam sannta á chur san áireamh, gur bhain an Ghníomhaireacht cur chun feidhme 92.3 % amach ó thaobh gealltanas de agus 76.9 % ó thaobh íocaíochtaí de; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur sampla é an leibhéal sin cur chun feidhme agus éifeachtúlachta maidir le húsáid cistí poiblí de dhea-bhainistíocht ar cheart dó a bheith ina spreagadh do ghníomhaireachtaí eile an Aontais, go háirithe tráth nach mór smacht buiséadach agus úsáid fhreagrach cistí a bheith ina thosaíocht;

6. ag meabhrú chur chuige 'neamhfhulaingthe' an Aontais i leith na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus ról ríthábhachtach na Gníomhaireachta sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN chomh maith le

rannchuidiú na Gníomhaireachta le cur chun feidhme an chomhbheartais iascaigh (CBI); á chur in iúl gur saoth léi, ina leith sin, nach bhféadfaí aon sócmhainní aeir sciatháin dhobhogtha a chairtfhostú mar gheall ar dhul in éag an chreatchonartha agus an mhoill ar an gconradh soláthair chomhpháirtigh le Frontex; ag tabhairt rabhaidh go bhfuil dul in éag na sócmhainní aeir sin ag cur srian ar fhíoracmhainneacht oibríochtúil na Gníomhaireachta a mhéid a bhaineann le hiascaireacht NNN a chomhrac go héifeachtach; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar na nósanna imeachta sin chun cosc a chur ar mhíshocracht a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha in uiscí na hEorpa; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú 2.5 % ar na speansais chun Soithí Patróil Amach ón gCósta a chairtfhostú;

7. á chur i bhfáth, in ainneoin iarrachtaí leanúnacha, go bhfuil iascaireacht NNN ina dúshlán tromchúiseach i gcónaí laistigh d'uiscí an Aontais, rud a shaobhann an t-iomaíochas, a bhaineann an bonn d'inbhuanaitheacht na stoc éisc, agus a chuireann inmharthanacht eacnamaíoch earnáil iascaireachta an Aontais agus na bpobal cósta i mbaol; á thabhairt chun suntais go bhfuil géarghá le cumais faireachais agus faireacháin aeir agus mhuirí a threisiú, chun córais rialaithe agus chigireachta éifeachtacha agus chomhréireacha a áirithiú, agus chun tacaíocht agus oiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta agus do phobail chósta áitiúla, chun gníomhaíochtaí NNN a bhrath, a chosc agus a chomhrac go héifeachtach ar fud uiscí an Aontais;

8. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá spleáchas na Gníomhaireachta ar fhoinsí seachtracha ioncaim d'fhonn cistí a fháil chun a cuspóirí reachtúla a chomhlíonadh;

9. á mheabhrú gurb iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as gníomhaíochtaí iascaireachta a rialú, agus go bhfuil cúraimí na Gníomhaireachta teoranta do thacaíocht agus do chomhordú agus do chúnamh a sholáthar do na Ballstáit sa réimse sin; á thabhairt chun suntais go háirithe a thábhachtaí atá sé go rannchuideodh an Ghníomhaireacht le rialú a chomhchuibhiú le formhaoirseacht aonfhoirmeach, intuartha agus thrédhearcach, lena seachnaítear léirmhínithe éagsúla i measc na mBallstát a d'fhéadfadh cóir neamh-chomhionann a chruthú, chun cothrom iomaíochta agus comhionannas i rialuithe a áirithiú; á áitiú nár cheart an easpa rialaithe ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a chúiteamh leis an méadú ar ualaí breise ar oibreoirí, ná leis an gcailliúint cothroime iomaíochta;

10. á chur i bhfáth gur mhéadaigh an t-athbhreithniú nuaghlactha ar an Rialachán um Rialú ar Iascach ualach oibre na Gníomhaireachta go háirithe chun go bhféadfar na rialacha a chur i bhfeidhm ar shlí níos comhchuibhithe i measc na mBallstát; ag cur béim ar an bhfíoras go ndéanfadh oibleagáidí méadaitheacha gan na hacmhainní leordhóthanacha chun freastal dóibh, lagú ar chumas na gníomhaireachta a cúraimí tábhachtacha a chur i gcrích;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú leis an nGníomhaireacht agus dréachtú á dhéanamh aici ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme i gcomhair an Rialachán um Rialú ar Iascach a glacadh le déanaí agus ar na rialacháin a bhaineann lena gníomhaíochtaí; á mheabhrú gur gá an earnáil a threorú agus an creat sin á chur chun feidhme trí thionscadail a bhunú a thacaíonn le geallsealbhóirí iascaigh agus le riaracháin iascaigh aistriú chuig uirlisí digiteacha agus rialacha nuashonraithe;

12. á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nach mór na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil don Ghníomhaireacht a bheith ráthaithe agus comhleanúnach leis na cúraimí a sanntar di agus leis na gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích agus aon bhrú breise ar ghníomhaíocht na foirne agus ar cháilíocht a ndálaí oibre a sheachaint; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na leithreasuithe leithdháilte;

13. á iarraidh ar an nGníomhaireacht tacú le faireachán agus sainaithint na mBallstát ar sháruithe tromchúiseacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/2842 agus go háirithe sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 90(2), pointe (p) a bhaineann le saothar éigeantais; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé oiliúint leormhaith do chigirí an Aontais a chur ar fáil i ndáil le faireachán a dhéanamh ar sháruithe tromchúiseacha agus iad a shainaithint;

14. ag tabhairt dá haire, in 2024, gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht líon iomlán de 45 734 chigireacht, méadú 1.65 % i gcomparáid le 2023; á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcigireachtaí, lena léirítear leithdháileadh acmhainní níos éifeachtúla, go léiríonn sé freisin go bhfuil gá fós le faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach ar fud uiscí uile an Aontais; á mheas go ndéanann an méadú 14 % ar chigireachtaí ina bhfuil sárú amhrasta amháin ar a laghad i gcomparáid le 2023 léargas luachmhar a thabhairt maidir le chomhlíonadh a neartú tuilleadh agus formhaoirseacht éifeachtach a áirithiú; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Ghníomhaireacht leanúint den mhéadú ar a gníomhaíochtaí cigireachta chun forfheidhmiú a neartú, stoic éisc a chosaint, agus slite beatha iascairí a choimirciú;

15. ag athdhearbhú ár ngealltanas i leith córas idirnáisiúnta riailbhunaithe a bheith ann agus á thabhairt chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag an Aontas i Rialachas agus Taidhleoireacht na nAigéan Idirnáisiúnta; á thabhairt chun suntais, ina leith sin agus i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN, go bhfuil ról tábhachtach ag an ngníomhaireacht cur i bhfeidhm méadaithe agus comhchuibhithe chórais rialaithe an Aontais atá i bhfeidhm a spreagadh chomh maith le comhar le tríú tíortha chun rannchuidiú le hord domhanda riailbhunaithe a neartú agus, i measc nithe eile, chun iascaireacht neamhdhleathach a chomhrac agus chun a áirithiú go n-urramófar cearta an duine, lena n-áirítear cearta sóisialta, dóibh siúd atá ag obair ar shoithí iascaireachta;

16. ag cur béim ar an bhfíoras go mbraitheann inchreidteacht an chórais rialachais idirnáisiúnta iascaigh inbhuanaithe riailbhunaithe freisin ar chumas an Aontais a ráthú go ndéantar táirgí iascaigh a allmhairítear ó thríú tíortha chuig an margadh Eorpach a tháirgeadh agus na ceanglais chéanna á gcomhlíonadh acu agus a chomhlíonann chabhlaigh an Aontais; ag tabhairt rabhaidh go bhfuil baol ann go mbeidh iomaíocht éagórach ann mura n-áirithítear an comhleanúnachas sin go docht;

17. á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht a chuireann EFCA ar fáil d'obair an Aontais laistigh d'Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) agus don chomhar le tíortha nach bhfuil san Aontas chun comhlíonadh, cothrom iomaíochta agus fothú acmhainneachta a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an ngníomhaireacht chun tacú leis na Ballstáit san fhaireachán comhordaithe ar Limistéir Shrianta Iascaigh (FRAnna) arna bhunú ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM);

18. ag tabhairt dá haire gur mór aici go bhfuil comhar leanúnach ann idir an Ghníomhaireacht agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) chun tacú leis na húdaráis náisiúnta agus iad i mbun chúraimí an gharda cósta i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/473; á mheas gur dea-shampla é an chomhar sin den chomhar agus de shineirgí idir gníomhaireachtaí an Aontais ar cheart a spreagadh agus ar cheart dó a bheith ina údar inspioráide do ghníomhaireachtaí i réimsí eile; ag iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí ina leith sin;

19. á chur in iúl go gcreideann sí go bhfuil tairbhí carnacha ag gabháil leis an gcomhar idir an Ghníomhaireacht agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) a mhéadú, go háirithe maidir le comhroinnt sonraí, agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES); á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, gur síníodh Meabhrán Tuisceana (MT) le LEE chun faisnéis a mhalartú, eolas a mhalartú agus treoirthionscadail a chur i gcrích ar muir, go háirithe tionscadal atá tiomnaithe do bhruscar muirí lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar threalamh iascaireachta tréigthe nó caillte i limistéir mhuirí ainmnithe, é a aisghabháil, a bhailiú agus a athchúrsáil;

20. ag cur béim ar ról na Gníomhaireachta le linn fothú acmhainneachta agus oiliúint a thairiscint do thríú tíortha agus ar ról ríthábhachtach na Gníomhaireachta i gcothrom iomaíochta a bhaint amach leis na stáit chósta uile;

21. ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil an iascaireacht NNN ina dúshlán tromchúiseach i gcónaí laistigh d'uiscí an Aontais, gur féidir le tacaíocht spriocdhírithe agus acmhainneachtaí neartaithe comhlíonadh agus forfheidhmiú a fheabhsú; ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, gur cheart do EFCA leanúint d'oiliúint agus de thacaíocht a threisiú d'údaráis náisiúnta, do chigirí agus do phobail chósta áitiúla an Aontais chun gníomhaíochtaí NNN a bhrath, a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos fearr;

22. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an nGníomhaireacht maidir le comhlíonadh rialacha idirnáisiúnta iascaigh a chur chun cinn agus chun cothrom iomaíochta iarbhír a áirithiú idir an tAontas agus na stáit chósta uile, go háirithe in iascaigh chomhroinnte nó in iascaigh a bhainistítear go comhpháirteach; ag tabhairt dá haire go bhfuil rannpháirtíocht chomhordaithe, go seachtrach agus laistigh den Aontas araon, bunriachtanach chun iascaigh inbhuanaithe a choimirciú, iomaíocht chóir a chaomhnú, agus inmharthanacht fhadtéarmach shóisialta agus eacnamaíoch ár réigiún cósta a chosaint;

23. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2024, go raibh an plean bunaíochta comhlíonta ar bhonn 97 %, le 75 ghníomhaire shealadacha a ceapadh as 77 ngníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú 6.7 % ar speansais foirne i gcomparáid le 2023;

24. ag cur béim ar thiomantas na Gníomhaireachta cóir chomhionann a áirithiú don fhoireann uile agus comhionannas inscne a bhaint amach ar gach grád agus ar gach leibhéal freagrachta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach ionann ach 39 % den fhoireann atá fostaithe ag grád AD 8 nó níos airde ar mná iad, agus nach bhfuil aon athrú tagtha ar an bhfigiúr sin ó 2021 i leith, cé gurb ionann céatadán foriomlán na mball foirne ar mná iad agus 50 %; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, nach mór níos mó a

dhéanamh chun paireacht a bhaint amach ar an leibhéal bainistíochta; ag athdhearbhú a hiarrata ar an nGníomhaireacht a straitéis paireachta inscne agus a beartas cuimsitheachta a chur chun feidhme agus a neartú;

25. á athdhearbhú go gcreideann sí go ndéanfaidh cistiú neamhleor agus an easpa ciste thiomnaithe iascaigh agus dobharshaothraithe imfhálaithe agus uathrialach sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034 méadú ar na deacrachtaí maidir le comhar tiomnaithe a bheith ann idir an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit; á chur i bhfios go mbeadh éifeachtaí diúltacha tromchúiseacha ag an easpa cistiúcháin thiomnaithe leordhóthanaigh ar chabhlach iascaireachta an Aontais agus ar a chumas comhlíonadh an Rialacháin athbhreithnithe um Rialú ar Iascach a áirithiú agus, dá réir sin, go bhféadfadh sé cur chun feidhme riachtanach an Chomhbheartais Iascaigh a chur i mbaol;

26. á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin go ndéanfaidh an easpa cistí iascaigh tiomnaithe leordhóthanacha in CAI amach anseo an bonn a bhaint d’acmhainneacht na Gníomhaireachta tacú le cur chun feidhme CBI, go háirithe chun rialú ar iascach a chomhchuibhiú i measc na mBallstát, go mbainfear an bonn den chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN agus go laghdófar cothroime iomaíochta i measc chabhlaigh an Aontais agus idir cabhlaigh an Aontais agus cabhlaigh tríú tíortha; á chur in iúl gur oth léi an easpa cistiúcháin leordhóthanaigh agus, dá bhrí sin, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit foráil a dhéanamh do mhéideanna comhionanna ar a laghad de phraghsanna tairiseacha do bhuiséad na Gníomhaireachta sa chéad CAI eile;

27. á mholadh go ndeonófaí urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2024.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	27.1.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 21 –: 2 0: 4

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

21	+
ECR	Stephen Nikola Bartulica, Nora Junco García, Giuseppe Milazzo, Bert-Jan Ruissen
PPE	Carmen Crespo Díaz, Marco Falcone, Isabelle Le Callennec, Francisco José Millán Mon, Jessica Polfjärd, Sander Smit, Željana Zovko
Renew	Barry Cowen, Elsi Katainen, Ciaran Mullooly
S&D	Sakis Arnaoutoglou, Thomas Bajada, Giuseppe Lupo, André Rodrigues, Eric Sargiacomo
The Left	Luke Ming Flanagan
Verts/ALE	Ana Miranda Paz

2	-
ESN	Siegbert Frank Droese
PfE	France Jamet

4	0
PfE	Ton Diepeveen, António Tânger Corrêa
The Left	Emma Fourreau
Verts/ALE	Isabella Lövin

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh